16. 2. 2022

# TODHCHAÍ NA TUAITHE

Damien Ginty, Crasal

Creidim go láidir insna mianta seo. An bhfuil aon duine agaibh ag éisteacht??

Seosaimhín Ní Bheaglaoich

## PRÍOMHAIDHMEANNA THODHCHAÍ NA TUAITHE

1. Go mbeadh Gaelainn líofa agus sárthuiscint ar thionchar an phróiséas phleanála ar labhairt laethúil na Gaelainne sna ceantair Ghaeltachta ag pleanálaithe na Comhairle Contae atá ag feidhmiú sna ceantracha Gaeltachta.

2. Go mbeadh ar chumas iarrthóirí Gaeltachta a gcuid gnó go léir leis an údarás áitiúil a dhéanamh trí mheán na Gaelainne – idir chruinnithe agus comhfhreagras scríofa.

3. Go dtabharfaí aitheantas do bhailte fearainn na Gaeltachta mar aonaid phleanála fé leith agus go ndéanfaí limistéir fé leith le haghaidh tithíochta a zónáil laistigh de gach baile fearainn chun tacú le patrún lonnaíochta traidisiúnta na Gaeltachta.

4. Go gcuirfí tionchar teanga an iarrthóra san áireamh agus breithiúnas á thabhairt ag an údarás áitiúil ar iarratais phleanála sa Ghaeltacht.

5. Go scríobhfaí plean tithíochta don nGaeltacht, ar mhúnla pleananna tithíochta atá i bhfeidhm in áiteanna eile san Aontas Eorpach[1] agus sa Ríocht Aontaithe,[2] chun tacú le muintir na háite agus le lucht labhartha na Gaelainne tithe cónaithe a cheannach agus a thógaint fén dtuaith sa Ghaeltacht.

6. Go ndéanfaí ceangal láidir oifigiúil idir polasaithe tithíochta agus an phleanáil teangan sa Ghaeltacht, .i. go mbeadh sé d'iachall ar na húdaráis phleanála Gaeltachta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an dtionchar atá ag na cinntí pleanála sa Ghaeltacht ar labhairt laethúil na Gaelainne sa Ghaeltacht.

23 FEB 2022

[1] http://outil2amenagement.cerema.fr/organismes-fonciers-solidaires-ofs-r358.html
[2] https://www.locatejersey.com/living-working-in-jersey/residency-immigration/